



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

**An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais,
Lánpháirtíochta agus Óige**

**RIALACHA AN CHLÁIR UM CHÚRAM AGUS OIDEACHAS NA
LUATH-ÓIGE (ECCE)**

Bailí do Bhliain Chláir 2022/23

Tabhair faoi deara go bhfuil an fhaisnéis atá le fáil sna Rialacha seo faoi réir athraithe

Clár na nÁbhar

<u>Gluais Téarmaí</u>	6
<u>Réamhrá</u>	7
<u>Caibidil 1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa</u>	8
<u>1.1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa</u>	8
<u>1.2 Clárú le Tusla</u>	8
<u>1.3 Díchlárú le Tusla</u>	8
<u>1.4 Uimhir Thagartha Seirbhíse</u>	9
<u>1.5 Athrú Imthosca Sheirbhís Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC)</u>	9
<u>1.6 Dúnadh Seirbhíse</u>	9
<u>1.7 Cáilíochtaí Ball Foirne</u>	9
<u>1.8 Sonraí Teagmhála</u>	10
<u>1.9 Comhaontú Maoinithe</u>	10
<u>1.10 Liosta Cláraithe Táillí agus Féilire Seirbhíse</u>	10
<u>1.11 Tairbhe a bhaint as níos mó ná Clár Cúraim Leanaí Luath-Óige amháin</u>	10
<u>Caibidil 2 Liosta Táillí</u>	11
<u>2.1 Ceanglas Liosta Táillí</u>	11
<u>2.2 Ceanglas ECCE a sholáthar Saor in Aisce</u>	11
<u>2.3 30 Nóiméad Breise Roghnach i Seirbhísí Seisiúnacha Amháin</u>	11
<u>2.4 Easáitiú Leanaí Cláraithe</u>	11
<u>2.5 Éarlaisí Áirithinte ECCE</u>	11
<u>2.6 Míreanna Roghnacha Breise</u>	12
<u>2.7 Síntiúis Dheonacha</u>	12
<u>2.8 Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse</u>	12
<u>2.9 Athruithe ar Tháillí</u>	13
<u>2.10 Ceanglais Taispeána Doiciméad</u>	13
<u>2.11 Ceanglas Comhlánaithe Doiciméad</u>	13
<u>2.12 Seiceálacha Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCC)</u>	13
<u>Caibidil 3 Féilire Seirbhíse</u>	14
<u>3.1 Ceanglas Féilire Seirbhíse</u>	14
<u>3.2 Seachtain Neamhíoca</u>	14
<u>3.3 Ceanglais Taispeána Doiciméad</u>	14
<u>3.4 Athruithe ar Fhéilirí Seirbhíse</u>	14
<u>Caibidil 4 Forléargas ar ECCE</u>	16

4.1 Caighdeán Oideachais Luathbhlianta	16
4.2 Cáilitheacht le haghaidh ECCE	16
4.3 Rialacha Chlár ECCE	16
Tábla 1: Cáilitheacht le haghaidh ECCE de réir Mhí na Breithe	16
Caibidil 5 Cáilíochtaí Ball Foirne	19
5.1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa	19
5.2 Aitheantas Cáilíochtaí le haghaidh ECCE	19
5.3 Cáilíochtaí íosta chun ECCE a sholáthar	19
Caibidil 6 Leanbh a Chlárú ar Chlár ECCE.....	20
6.1 Socruithe Tinrimh agus Tairiscint Seirbhíse a Chomhaontú	20
6.2 Cathain ba cheart leanbh a chlárú.....	20
6.3 An Dáta is Déanaí le haghaidh Cláraithe	20
6.4 Clárú Déanach.....	20
6.5 Neamhthinreamh Linbh ó Dháta Tosaigh.....	20
Caibidil 7 Tinreamh.....	21
7.1 Neamhthinreamh	21
7.2 Imthosca Speisialta	21
Tábla 2 Imthosca Speisialta Cáilitheacha.....	21
7.3 Laghdú ar Thinreamh agus Nuashonrú HIVE Luathbhlianta.....	21
7.4 Tearcthinreamh Leanúnach.....	22
7.5 Seirbhís a Fhágáil	22
7.6 Eisceacht i ndáil leis an Riail a bhaineann le Tréimhse Fógra Ceithre Seachtaine	22
Caibidil 8 Coimeád Taifead	23
8.1 Oibleagáid Soláthraí Faofa.....	23
8.2 Ceanglas Taifid Tinrimh a Choimeád	23
8.3 Teip Taifid Tinrimh Oiriúnacha a Choimeád	24
Caibidil 9 Comhlíontacht	25
9.1 Freagracht Soláthraí Faofa.....	25
9.2 Cuirteanna Comhlíontachta.....	25
Caibidil 10 Force Majeure.....	26
10.1 Force Majeure agus Maoiniú	26
10.2 Clásal Force Majeure Chomhaontú Maoinithe ECCE	26
10.3 Próiseas Éilimh Force Majeure	26
Caibidil 11 Feighlithe Leanaí.....	27
11.1 Sainmhíniú ‘Feighlí Leanaí’	27

<u>11.2 Feighlithe Leanaí agus Clárú le Tusla</u>	<u>27</u>
<u>Caibidil 12 Ceanglais Airgeadais</u>	<u>28</u>
<u>Caibidil 13 CCanna maidir le Clár ECCE.....</u>	<u>29</u>
<u>13.1 An féidir le leanbh aistriú ó Sheirbhís ELC amháin go Seirbhís ELC eile?</u>	<u>29</u>
<u>13.2 Céard é patrún tinrimh?</u>	<u>29</u>
<u>13.3 An féidir le tuismitheoir/caomhnóir an líon laethanta tinrimh a athrú?</u>	<u>29</u>
<u>13.4 An féidir le feighlí leanaí ECCE a sholáthar?</u>	<u>29</u>
<u>13.5 Céard ba cheart dom a dhéanamh más mian liom mo Sheirbhís ELC a fhorbairt agus seomra eile a oscailt?</u>	<u>29</u>
<u>13.6 Céard atá i gceist le seachtainí íníoctha agus neamh-íníoctha?.....</u>	<u>29</u>
<u>13.7 Cathain a dhéantar íocaíochtaí?.....</u>	<u>29</u>
<u>13.8 Conas a uaslódálann tú an fhoirm le haghaidh Díolúine Íosta Rollaithe chuig HIVE Luathbhlianta?.....</u>	<u>30</u>
<u>13.9 Tá athbhreithniú déanta ag mo CCC áitiúil ar mo liostaí táillí agus fiafraíodh díom iad a leasú. Céard ba cheart dom a dhéanamh?.....</u>	<u>30</u>
<u>13.10 Tá sé beartaithe agam éileamh a chlárú le mo chuideachta árachais agus tá Force Majeure éilithe agam. Céard ba cheart dom a dhéanamh?</u>	<u>30</u>
<u>Aguisín 1 Doiciméad na Míreanna Roghnacha Breise</u>	<u>31</u>
<u>Treoir maidir le Míreanna Roghnacha Breise ECCE 22/23</u>	<u>31</u>
<u>Aguisín 2</u>	<u>33</u>
<u>Treoir Dea-chleachtais - Taifid Tinrimh</u>	<u>33</u>
<u>Figiúr 1 Taifead Tinrimh Linbh Shamplaigh</u>	<u>35</u>
<u>Figiúr 2 Taifead Tinrimh Linbh Shamplaigh</u>	<u>36</u>

Gluais Téarmaí

Ciallaíonn **“AIM”** an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú a thacaíonn le leanaí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil air agus páirt lámbhrí a ghlacadh sa Chlár ECCE. (Féach Aguisín 2: Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a bhfuil Rannpháirtíocht sa tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM)) a Rialú acu atá ar fáil ag www.aim.gov.ie.

Ciallaíonn **“Comhaontú”** Comhaontú Maoinithe ECCE a áirítear ann Aguisín 1 (Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a bhfuil rannpháirtíocht i gClár ECCE á rialú acu), Aguisín 2 (Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta a bhfuil rannpháirtíocht sa tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú á rialú acu (AIM)), Aguisín 3 (An Creat-chomhaontú maidir le Comhroinnt Sonraí Pearsanta) agus Rialacha na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) do Chlár ECCE 2022/2023 atá ar fáil ag www.gov.ie.

Ciallaíonn **“Soláthraí Faofa”** soláthraí Sheirbhís Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC) nó Seirbhís ELC agus Seirbhís Chúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) i dteannta a chéile, atá cláraithe le Tusla, de réir Chlár ECCE atá páirteach i gClár Maoinithe ECCE leis an Aire.

Ciallaíonn **“caipitíocht”** an méid seachtainiúil a íocann Riarthóir na Scéime le Soláthraí Faofa cúraim leanaí thar ceann an Aire chun ECCE a sholáthar.

Ciallaíonn **“CCC”** Coiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí. Tá na CCCanna á maoiniú ag DCEDIY chun feidhmiú mar ghníomhairí áitiúla i ndáil le soláthar ELC agus SAC.

Ciallaíonn **“roinn”** An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Ciallaíonn **“seirbhís luathbhlianta”** arna sainiú in Acht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, seirbhís atá ag soláthar seirbhís réamhscoile agus/nó seirbhís aois scoile.

Is scéim choisctheach idirghabhála bliana é **“Tús Luath”** a thairgtear i scoileanna roghnaithe i limistéir ainmnithe faoi mhíbhuntáiste. Is é cuspóir an chláir réamhscoile dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil trí dhíriú ar leanaí a bhfuil an baol ann nach mbainfidh siad barr a gcumais amach laistigh den chóras scoile. Tá an clár á bhainistiú, á mhaoiniú agus á mheas ag an Roinn Oideachais.

Ciallaíonn **“An tArdán Luathbhlianta (EYP)”** córas seirbhíse uile ar féidir le soláthraithe seirbhíse úsáid a bhaint as chun riaradh a saoráide nó saoráidí a bhainistiú, lena n-áirítear sonraí na heagraíochta, comhaontuithe maoinithe, clárú agus maoiniú a bhaineann le gach scéim DCEDIY. Is féidir an t-ardán a úsáid chun fiosrúcháin a dhéanamh agus freagraí agus eolas a fháil ón Ionad Soláthraithe Luathbhlianta.

Is é **“HIVE Luathbhlianta (EY HIVE)”** an t-ainm atá ar an tairseach soláthraithe seirbhíse le haghaidh Clár Luathbhlianta.

Ciallaíonn **“Oideoir”** ball foirne cáilithe Luathbhlianta le cáilíocht, leibhéal 5 ar a laghad, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).

Ciallaíonn **“Táille”** an tsuim airgid a ghearrann tuismitheoir le haghaidh seirbhísí cúraim leanaí roimh aon fhóirdheontas a lascainiú. Ní mór an táille a chomhaontú idir an tuismitheoir agus an Soláthraí Faofa sula síníonn an tuismitheoir an Litir Eolais maidir Táillí Seirbhíse.

Ciallaíonn **“Príomhoideoir”** ball foirne cáilithe Luathbhlianta le cáilíocht, leibhéal 6 ar a laghad (nó Leibhéal 7 le haghaidh AIM) ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ).

Ciallaíonn **“Aire”** an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Ciallaíonn **“NCS”** an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

Áirítear sa **“phróiseas ionduchtaithe”** sonraí maidir le struchtúr dlí Soláthraithe Faofa a bheith á dtiomsú agus á bhfaomhadh agus an Príomhúsáideoir Údaraithe (PAU) a fhaomhadh.

Ciallaíonn **“Mír Roghnach Bhreise”** seirbhísí breise inmhuirearaithe a d’fhéadfaí a roghnú ó liosta Míreanna Roghnacha Breise faofa DCEDIY agus ní áireofar ann gníomhaíochtaí a nglactar leo mar phríomhghnéithe den churaclam ECCE e.g. gníomhaíochtaí ginearálta ealaíon agus ceardaíochta.

Ciallaíonn **“seirbhís réamhscoile”** aon réamhscoil, grúpa súgartha, naíolann lae, crèche, seirbhís cúraim lae nó seirbhís chosúil a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile.

Ciallaíonn **“Príomhúsáideoir Údaraithe”** duine atá ainmnithe ag Soláthraí Cúraim Leanaí faofa chun an idirghníomhaíocht ar fad idir Riarthóir na Scéime agus Soláthraí Cúraim Leanaí Faofa a bhainistiú. Chomh maith leis sin, tá an duine seo údaraithe chun conarthaí a shíniú thar ceann a n-eagraíochta.

Ciallaíonn **“clárú”** an pointe ama a gcuireann an Soláthraí Cúraim Leanaí Faofa leanbh san áireamh i gcóras na Scéime (trí thairseach an tsoláthraí).

Ciallaíonn **“Riarthóir Scéime”** an eagraíocht a ceapadh chun an Scéim a riar. Tá Pobal ceaptha ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige mar Riarthóir na Scéime.

Ciallaíonn **“Seirbhís”** seirbhís Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC) agus/nó seirbhís Cúraim Leanaí ar Aois Scoile (SAC) atá cláraithe le Tusla ar chlár na Soláthraithe Cúraim Leanaí Faofa atá á gcoimeád ag Tusla faoi alt 58C d’Acht um Chúram Leanaí, 1991.

Ciallaíonn **“fóirdheontas”** an méid seachtainiúil a íocann Riarthóir na Scéime le Soláthraí Faofa cúraim leanaí thar ceann iarrthóra rathúla mar thacaíocht airgeadais chun seirbhísí cúraim leanaí a chur ar fáil do leanbh.

Ciallaíonn **“seirbhís ar aois scoile (SAC)”** seirbhís a fhreastalaíonn ar leanaí faoi 15 bhliain d’aois atá rollaithe i scoil a sholáthraíonn oideachas bunscoile nó oideachas iar-bhunscoile agus raon gníomhaíochtaí atá forbarthach, oideachasúil agus dírithe ar chaitheamh aimsire agus a reáchtáiltear lasmuigh d’uairéanta scoile, ach ní áirítear seirbhísí nach soláthraíonn ach gníomhaíochtaí a bhaineann le—

(i) na healaíona, (ii) obair don óige, (iii) spórt iomaíoch nó áineasa, (iv) teagasc nó (v) teagasc reiligiúnach.

Tabhair faoi deara, mura soláthraíonn seirbhís ach tacaíocht chun obair bhaile a dhéanamh, ní ghlactar leis an gcineál seo seirbhíse mar sheirbhís atá ag soláthar cúraim leanaí agus i láthair na huaire, ní gá do sheirbhís den chineál seo clárú le Tusla.

Ciallaíonn **“seachtain am téarma”** seachtain a chomhaontaítear idir tuismitheoir agus Soláthraí Faofa mar sheachtain am téarma ina bhfuil leanbh cáilithe chun páirt a ghlacadh i gclár ECCE.

Tagraíonn **“Tusla”** don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Ciallaíonn **“Lá Oibre”** lá ar bith seachas Satharn, Domhnach nó saoire phoiblí.

Réamhrá

Is clár uilíoch saor in aisce é an clár ECCE atá ar fáil do gach leanbh atá laistigh den aoisraon cáilithe. Soláthraítear an chéad eispéireas foirmiúil luathfhoghlama do leanaí sula dtosaíonn siad ag freastal ar an mbunscoil.

Is samhail tacaíochta í an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) atá deartha d'fhonn a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas an clár ECCE a rochtain. Is samhail leanbhlaraithe é AIM, a bhfuil seacht leibhéal tacaíochta i gceist inti, idir leibhéil uilíocha agus spriocdhírthe, atá bunaithe ar riachtanais an linbh agus na seirbhíse réamhscoile. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gClár AIM le fáil ag <https://aim.gov.ie/>.

Sonraítear sa doiciméad seo na rialacha a bhaineann leis an gClár ECCE agus ba cheart é a léamh i dteannta leis an tacar treoirleabhar 'conas' atá ar fáil ar *EY HIVE* ina bhfuil eolas maidir le feidhmiú ECCE.

D'fhéadfaí Maoiniú ECCE agus/nó Maoiniú DCEDIY a chur ar fionraí nó cuid den mhaoiniú sin a aistarraingt agus/nó Comhaontú Maoinithe ECCE a fhoirceannadh mura gcomhlíontar aon cheann de Rialacha ECCE.

Tá ECCE á riar ag Pobal ar *EY HIVE* thar ceann na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Ba cheart aon cheist maidir leis an gClár ECCE agus rialacha an chláir a phlé leis an gCoiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí áitiúil (CCC). Féach ar Leathanach Baile *EY HIVE* ag <https://earlyyearshive.ncs.gov.ie/> nó <https://myccc.ie/> chun sonraí teagmhála CCC a fháil. Tá CCCanna á maoiniú ag DCEDIY agus feidhmíonn siad mar ghníomhairí áitiúla i ndáil le riaradh gnéithe de chláir náisiúnta luathoideachais agus cúraim leanaí.

Is féidir le Soláthraithe Faofa iarratas seirbhíse a dhéanamh trí *EY HIVE* ag <https://earlyyearshive.ncs.gov.ie/>. Má theastaíonn cúnaimh uait chun rialacha Clár a riar, má tá ceisteanna maidir le híocaíochtaí agat nó má tá aon fhadhbanna teicniúla agat le *EY HIVE*, is féidir le Soláthraithe Faofa teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Soláthraithe Luathbhlianta ag an seoladh ríomhphoist eypc@pobal.ie nó trí ghlaoch ar an uimhir 01-5117222.

Tabhair faoi deara: Tá eolas atá le fáil sa Treoirleabhar seo faoi réir athraithe. Seiceáil Leathanach Baile *EY HIVE* go rialta le haghaidh nuashonruithe.

Caibidil 1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa

1.1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa

Tá oibleagáid orthu siúd a bhfuil maoiniú poiblí á fháil acu cloí go docht leis na rialacha ar fad atá le fáil sa doiciméad iomlán seo mar atá sonraithe ag an Aire.

Ní mór go mbeadh an Soláthraí Faofa airdeallach ar gach oibleagáid dhlíthiúil agus rialála ábhartha agus ní mór don Soláthraí Faofa iad a chomhlíonadh.

D'fhéadfaí Maoiniú ECCE agus/nó Maoiniú DCEDIY a chur ar fionraí nó cuid den mhaoiniú sin a aistarraingt agus/nó Comhaontú Maoinithe ECCE a fhoirceannadh mura gcomhlíontar aon cheann de na Rialacha agus/nó téarmaí a bhaineann le Comhaontú Maoinithe ECCE.

Ní mór don Soláthraí Faofa gach beart is gá a dhéanamh chun Sláinte, Sábháilteacht agus Leas na leanaí atá ag freastal ar an tSeirbhís ELC a chosaint agus “Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 (arna leasú) agus Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí ar Aois Scoile), 2018 (arna leasú)” a chomhlíonadh.

1.2 Clárú le Tusla

Ní mór go mbeadh seirbhís cláraithe le Tusla chun maoiniú a fháil ó DCEDIY. Ní mór go mbeadh seirbhísí atá cláraithe le Tusla a sholáthraíonn seirbhís ELC agus SAC cláraithe le Tusla don dá sheirbhís. Ní mór go mbeadh gach saoráid/suíomh a bhfuil seirbhís freagrach as cláraithe le Tusla, ní mór go mbeadh uimhir Thagartha Seirbhíse aonair aici/aige agus ní mór do leanaí freastal ar an tsaoráid/suíomh a bhfuil siad cláraithe lena (h)aghaidh. Ní mór go mbeadh cruthúnas ar chlárú le Tusla ar fáil ag an áitreabh le hiniúchadh más gá.

Ní mór go mbeadh Soláthraithe Faofa cláraithe le Tusla le haghaidh na n-áiteanna atá á soláthar:

- Áiteanna cúraim lae iomlán (níos mó ná 5 uair an chloig sa lá),
- Áiteanna páirtaimseartha (idir 3 uair 31 nóiméad agus 5 uair sa lá),
- Áiteanna seisiúnacha (idir 2 uair 16 nóiméad agus 3 uair 30 nóiméad sa lá),
- Áiteanna leathsheisiúin (idir 1 uair agus 2 uair 15 nóiméad sa lá).

E.g. Ní féidir maoiniú a chur ar fáil do sheirbhísí le haghaidh áiteanna páirtaimseartha nuair atá an tseirbhís cláraithe mar sheirbhís sheisiúnach le Tusla. Caithfidh gach seirbhís atá ag soláthar seirbhísí cúraim leanaí clárú le Tusla. Tá na sonraí ar fad maidir le conas seirbhís a chlárú le fáil ar shuíomh gréasáin Tusla www.tusla.ie nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do CCC áitiúil www.myccc.ie

1.3 Díchlárú le Tusla

Mar Rialálaí Neamhspleách, is é ról Tusla monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar chaighdeán an chúraim agus na tacaíochta a sholáthraítear do leanaí i seirbhísí luathbhlianta d'fhonn a chinntiú go bhfuil na rialacháin á gcomhlíonadh. Sa chás gur ann do shárúithe comhsheasmhacha agus tromchúiseacha, féadfaidh Tusla gníomhú lena n-áirítear ionchúiseamh agus seirbhís a bhaint de chlár na seirbhísí luathbhlianta.

In imthosca ina n-eisíonn Tusla fógra chun seirbhís a bhaint den chlár, tá tuismitheoir i dteideal a linbh a thógáil amach as an tseirbhís agus an leanbh a athchlárú i seirbhís nua i rith na tréimhse fógra gan gá a bheith leis an gnáth-thréimhse fógra ceithre seachtaine a thabhairt don tseirbhís de réir na

rialacha a bhaineann le tinreamh i gCaibidil 7 den doiciméad seo. Nuair a chuireann Tusla in iúl don Roinn go bhfuil seirbhís díchláraithe, cuirtear stop leis an maoiniú le héifeacht ón dáta díchláraithe.

Tá tuismitheoir i dteideal a linbh a thógáil amach as an tSeirbhís ELC agus an leanbh a athchlárú i seirbhís nua i rith thréimhse fógra díchláraithe 21 lá Tusla gan gá a bheith leis an gnáth-thréimhse fógra atá sonraithe ag an Soláthraí Faofa a chomhlíonadh, de réir na rialacha maidir le tinreamh.

1.4 Uimhir Thagartha Seirbhíse

Ní mór go mbeadh Uimhir Thagartha Seirbhíse Aonair ag gach saoráid/suíomh a bhfuil seirbhís freagrach as/aisti agus ní mór do leanaí freastal ar an tsaoráid/suíomh a bhfuil siad cláraithe lena (h)aghaidh. Ní mór do Sholáthraí Faofa logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua nó breise a lorg.

Chun Uimhir Thagartha Seirbhíse a fháil, ní mór go mbeadh seirbhísí cláraithe le Tusla, agus ní mór dóibh tús a chur leis an bpróiseas ionductaithe ar *EY HIVE*. Má theastaíonn tuilleadh cúnamh uait déan teagmháil leis an Ionad Soláthraithe Luathbhlianta ag an uimhir 01 5117222 nó seol ríomhphost chuig eypc@pobal.ie.

1.5 Athrú Imthosca Sheirbhís ELC

Sna himthosca seo a leanas ní mór do sheirbhís reatha uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg:

- i. Sa chás go bhfuil úinéireacht Sheirbhís ELC á haistriú, ní mór don Soláthraí Faofa logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg. Ní mór don tseirbhís a chinntiú go bhfuil an úinéireacht nua cláraithe le Tusla.
- ii. Sa chás go n-athraítear stádas dlíthiúil Sheirbhís ELC, ní mór don Soláthraí Faofa logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg. Ní mór don tseirbhís a chinntiú go bhfuil an stádas dlíthiúil nua cláraithe le Tusla.
- iii. Sa chás go bhfuil seoladh Sheirbhís ELC á athrú, ní mór don Soláthraí Faofa a chinntiú go bhfuil an seoladh/áitreabh nua cláraithe le Tusla agus ansin ní mór don Soláthraí Faofa logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg.
- iv. Sa chás go bhfuil seirbhís á forbairt chuig áitreabh breise atá cláraithe le Tusla, ní mór don Soláthraí Faofa logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg. Tabhair faoi deara, ní mór go mbeadh leanaí atá ag freastal ar an áitreabh nua/breise cláraithe faoin Uimhir Thagartha Seirbhíse nua. Ní mór don Soláthraí Faofa a chinntiú go bhfuil an fhorbairt nua ar a áitreabh cláraithe le Tusla.

1.6 Dúnadh Seirbhíse

Má dhúnann Soláthraí Faofa a sheirbhís ELC nó má stopann sé ag soláthar clár cúraim leanaí DCEDIY, ní mór fógra i scríbhinn a sholáthar láithreach don Choiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí agus don Fhoireann Bainistíochta Sonraí i Riarthóir na Scéime trí iarratas seirbhíse a dhéanamh ar *EY HIVE* agus an Cineál Cláir “Bainistíocht Cuntas Úsáideora” a roghnú, agus ansin an Chatagóir “Conas” a roghnú agus an Fhochatagóir “Dúnadh.”

1.7 Cáilíochtaí Ball Foirne

Faoi na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú), 2021, ní mór go mbeadh mórdhámhachtain Leibhéal 5, ar a laghad, i gcúram leanaí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí

(NFQ), nó a comhionann arna cinneadh ag DCEDIY, ag gach ball foirne atá ag obair go díreach le leanaí i seirbhís réamhscoile.

Tá liosta cáilíochtaí foilsithe ag DCEDIY a chomhlíonann na ceanglais rialála a bhaineann le bheith ag obair san earnáil ELC in Éirinn. Tá an liosta seo le fáil ar leathanach gréasáin DCEDIY: <https://www.gov.ie/en/service/000073-recognition-of-an-early-years-qualification/>.

Mura bhfuil cáilíocht ag duine atá luaithe ar liosta cáilíochtaí aitheanta DCEDIY, ceanglaítear ar an duine aonair iarratas a dhéanamh chun a c(h)áilíochtaí a aithint trí ríomhphost a sheoladh chuig eyqualifications@equality.gov.ie. Tá tuilleadh eolais maidir leis na ceanglais agus an próiseas iarratais le fáil ar leathanach gréasáin DCEDIY: <https://www.gov.ie/en/service/000073-recognition-of-an-early-years-qualification/>.

Mar gheall ar RGCS, ní mór don duine aonair an t-iarratas a dhéanamh de bhrí nach féidir leis an Roinn glacadh le hiarratais agus/nó fiosrúcháin ó thríú páirtithe cosúil le fostóirí.

Tá maolú ar an gceanglas thuas bunaithe do bhliain chláir 2022/23 le haghaidh na gcleachtóirí sin a bhfuil síneadh ar Dhearbhú Marthanaithe sínithe acu.

1.8 Sonraí Teagmhála

Ní mór do Sholáthraí Faofa seoladh ríomhphoist a sholáthar atá le húsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis maidir leis an tseirbhís agus coimeádann an Roinn an ceart eolas tábhachtach a roinnt, lena n-áirítear eolas a bhaineann le híocaíochtaí, go leictreonach. Ní mór seoladh poist a chur ar fáil freisin. Sa chás nach ionann an seoladh baile agus seoladh na saoráide, ní mór an dá sheoladh a chur ar fáil (ní bhaineann sé seo le cuideachta theoranta). Ní mór uimhir theileafóin a chur ar fáil freisin, ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an bPríomhúsáideoir Údaraithe (PAU)/Soláthraí Faofa i rith uaireanta oibre.

Ní mór go mbeadh rochtain ag an Soláthraí Faofa ar shaoráidí a chuireann ar a chumas gnó a reáchtáil ar líne agus ní mór go mbeadh cuntas úsáideora *EY HIVE* aige chun páirt a ghlacadh sa Chlár ECCE. Ní mór don Soláthraí Faofa an Clár ECCE a riar ar *EY HIVE*. Ní mór do Sholáthraithe Faofa suíomh gréasáin Riarthóir na Scéime a rochtain (<https://www.pobal.ie/>) d'fhonn a chinntiú go dtuigeann siad na nósanna imeachta riaracháin ar líne is déanaí a bhaineann leis an gclár.

1.9 Comhaontú Maoinithe

Ní mór don Soláthraí Faofa Comhaontú Maoinithe a bhunú leis an Roinn coicís sula gcuireann an tseirbhís tús leis an gclár ECCE. Féadfar dáta ina dhiaidh sin a cheadú sa chás go measann an tAire gur cuí.

1.10 Liosta Cláraithe Táillí agus Féilire Seirbhíse

Ní mór don Soláthraí Faofa liosta táillí agus féilire seirbhíse a chur ar fáil do *EY HIVE* coicís ar a laghad sula n-osclaíonn an tSeirbhís ELC le haghaidh bliain chláir nua. Léireofar ar an liosta táillí na laghduithe oiriúnacha ar tháillí cúraim leanaí a chuirfeadh i bhfeidhm le haghaidh tuismitheoirí cáilithe. Beidh an liosta táillí agus féilire seirbhíse seo faoi réir athbhreithnithe a bheidh á dhéanamh ag an CCC ábhartha. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait féach ar na Treoirleabhair 'Conas' (<https://earlyyearshive.ncs.gov.ie/how-to-guides/how-to-guides-ecce/fees-ecce/>).

1.11 Tairbhe a bhaint as níos mó ná Clár Cúraim Leanaí Luath-Óige amháin

Féadfar leanaí a rollú in Tús Luath atá á riar ag an Roinn Oideachais nó i gClár ECCE. Níl leanaí cáilithe lena rollú sa dá chlár ag an am céanna.

Caibidil 2 Liosta Táillí

2.1 Ceanglas Liosta Táillí

Ní mór do Sholáthraithe Faofa Liosta Táillí a líonadh isteach ag tús gach bliain chláir. Ní mór go léireofar ar liosta táillí seirbhíse na táillí ar fad a ghearrtar ar thuismitheoirí, ní mór táillí ECCE a léiriú ar bhonn seachtainiúil thar bhliain an Chláir ECCE, mar aon le sonraí maidir le haon táillí breise, míreanna roghnacha breise (arna gceadú ag an CCC áitiúil) nó aon lascaíní a chuireann an tseirbhís i bhfeidhm.

Taispeánfar an liosta táillí, táillí a bhfuil agus nach bhfuil uaireanta ECCE san áireamh iontu, lena n-áirítear: táillí iníoctha i ndáil le soláthar cúraim leanaí lasmuigh de ECCE laistigh de sholáthar lánaimseartha nó páirtaimseartha; agus táillí a bheidh iníoctha de ghnáth le haghaidh linbh den aois chéanna atá ag freastal ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha ach nach bhfuil ag glacadh páirte sa scéim ECCE.

Ní mór do sheirbhísí atá ag oscailt tráth nach déanaí ná an 22 Lúnasa 2022 a liostaí táillí a chur ar fáil ar *EY HIVE* coicís, ar a laghad, sula n-osclaíonn siad do bhliain chláir 2022/2023.

Mura mbailíonn Soláthraí Faofa aon éarlaisí, mura dtairgtear aon lascaíní nó míreanna roghnacha breise, ní mór é seo a shonrú ar liosta na dtáillí.

2.2 Ceanglas ECCE a sholáthar Saor in Aisce

Ní mór ECCE a sholáthar saor in aisce do thuismitheoirí/do chaomhnóirí le haghaidh 3 uair an chloig sa lá, 5 lá sa tseachtain le haghaidh 182 lá ionas go gcuirtear an chaipitíocht a fhaigheann Soláthraithe Faofa ó DCEDIY ar fáil. Ní cheadaítear do sheirbhísí táillí ECCE a ghearradh ar thuismitheoirí, lena n-áirítear aon chineál éarlaisí a bhaineann le míreanna roghnacha breise, ar aon bhonn ar chor ar bith ná in aon imthosca.

2.3 30 Nóiméad Breise Roghnach i Seirbhísí Seisiúnacha Amháin

Féadfaidh Soláthraí Faofa a sholáthraíonn **seirbhís sheisiúnach amháin** agus nach dtairgeann aon chatagóir eile de chúram leanaí (páirtaimseartha, lánaimseartha, etc.) rogha maidir le huasmhéid 30 nóiméad breise sa lá a thairiscint. Ní mór an 30 nóiméad seo a liostú mar rogha bhreise ar liosta na dtáillí.

2.4 Easáitiú Leanaí Cláraithe

Nuair a chláraítear clár, féadfaidh Soláthraí Faofa tús áite a thabhairt do chlárú daoine a bhaineann tairbhe as ECCE cúig lá sa tseachtain seachas dóibh siúd atá ag clárú le haghaidh líon níos lú laethanta. Ní féidir le Soláthraí Faofa tús áite a thabhairt do leanbh atá ag baint tairbhe as seachtain níos giorra i gcomparáid le leanbh atá ag déanamh iarratais ar chúig lá de ECCE má tá clárú ECCE an linbh curtha i gcrích.

2.5 Éarlaisí Áirithinte ECCE

2.5.1 Éarlais Uasta ECCE

Féadfaidh Soláthraí Faofa éarlais áirithinte in-aisíoctha a ghearradh chun áit ECCE a choinneáil do leanbh. Tá an éarlais uasta is féidir le soláthraí a ghearradh cothrom le ceithre seachtaine d'íocaíocht ECCE. Ní mór go mbeadh sé seo le feiceáil ar liosta na dtáillí.

2.5.2 Éarlais ECCE a thabhairt ar Ais

Ní mór an éarlais ECCE iomlán a thabhairt ar ais don tuismitheoir/don chaomhnóir nuair atá clárú an linbh **faofa ar EY HIVE**. Má tá éarlais leagáide á coimeád ag seirbhís a sháraíonn ceithre huairé mhéid caipitíochta seachtainiúla ECCE le haghaidh linbh a bhí ag freastal ar an tseirbhís sin roimh thús a chur le ECCE, agus mura bhfuil éarlais ECCE ar leith bailithe, ansin ag brath ar an leibhéal seirbhíse ECCE, ní mór don Soláthraí Faofa suas le €258 den éarlais sin a thabhairt ar ais don tuismitheoir/don chaomhnóir nuair atá clárú ECCE an linbh ceadaithe ar *EY HIVE*, beag beann ar cathain a bailíodh an éarlais sin.

D'fhéadfaí Maoiniú ECCE agus/nó Maoiniú DCEDIY a chur ar fionraí nó cuid den mhaoiniú sin a aistarraingt agus/nó Comhaontú Maoinithe ECCE a fhoirceannadh mura gcomhlíontar aon cheann de Rialacha ECCE.

2.6 Míreanna Roghnacha Breise

Ní féidir le Soláthraithe Faofa aon táille a ghearradh le haghaidh gníomhaíochtaí a nglactar leo mar phríomhchodanna den churaclam ECCE.

Féadfaidh Soláthraithe Faofa táille a ghearradh le haghaidh míreanna roghnacha breise ón doiciméad maidir le Míreanna Roghnacha Breise ECCE (féach Aguisín 1), ach sa chás nach roghnaíonn tuismitheoir/caomhnóir aon cheann de na míreanna roghnacha breise, ní mór seirbhís iomlán chlár ECCE a chur ar fáil dá leanbh.

Ní mór gach mír roghnach bhreise a shainaithint ar liosta na dtáillí. Ní féidir le Soláthraithe Faofa tús áite a thabhairt d'áiteanna ECCE bunaithe ar an úsáid a bhaintear as míreanna roghnacha breise mura gcinntear go bhfuil a gcomhaontú/rialacha maoinithe don chlár ECCE á sárú acu.

D'fhéadfadh cinneadh Soláthraí Faofa diúltú treoir CCC áitiúil a leanúint i ndáil le liosta na dtáillí nó liosta táillí a athrú i ndiaidh iad a bheith faofa ag CCC a bheith mar bhonn le smachtbhannaí a chur i bhfeidhm.

2.6.1 Liosta Faofa Míreanna Roghnacha Breise ECCE

Ní mór go mbeadh míreanna roghnacha breise liostaithe ar liosta faofa Míreanna Roghnacha Breise ECCE (Aguisín 1). Ní mór do Sholáthraí Faofa cur síos beacht a dhéanamh, eolas a thabhairt maidir le costas iomlán agus minicíocht aon mhíre roghnaí breise a lorgáitear atá ar a liosta táillí a sholáthar.

Ní mór a chinntiú nach mbraitheann aon leanbh go bhfuil sé/sí fágtha as an áireamh mura bhfuil sé/sí ag glacadh páirte sa mhír roghnach bhreise. Ní mór do Sholáthraithe Faofa é sin a chur san áireamh agus féachaint ar Aguisín 1 má theastaíonn tuilleadh eolais.

2.7 Síntiúis Dheonacha

Níor cheart do thuismitheoirí íoc as aon chineál síntiúis eile sa bhreis ar a bhfuil luaite ar liosta táillí na seirbhíse. Ní chheadaítear aon síntiúis dheonacha don Chlár ECCE.

2.8 Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse

Ní mór do thuismitheoirí/do chaomhnóirí Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse *EY HIVE* a shíniú chun cur in iúl go dtuigeann siad na táillí a bheidh á gcur i bhfeidhm ag an tseirbhís. Tá liostaí táillí faoi réir athbhreithnithe a dhéanfaidh an Roinn/Riarthóir na Scéime/CCC.

Glacfaidh DCEDIY le cóip shínte d'fhoirm na Litreach Eolais maidir le Táillí Seirbhíse ón tuismitheoir/ón gcaomhnóir ábhartha trí ríomhphost nó i bhfoirm cóip chrua, cibé acu is oiriúnaí don tuismitheoir/don chaomhnóir. Ba cheart an rogha a thabhairt don tuismitheoir/don chaomhnóir ríomhphost a úsáid, áfach. Ba cheart a chur in iúl do thuismitheoirí a bhaineann tairbhe as an rogha ríomhphost, maidir le cosaint sonraí, nach bhfuil an ríomhphost chomh slán céanna. Ba cheart fiafraigh de thuismitheoirí/de chaomhnóirí an seoladh ríomhphost atá le húsáid a athdheimhniú agus ba cheart don Soláthraí Faofa a chinntiú nach n-eisítear ach ríomhphost shonracha chuig an seoladh cuí don teaghlach cuí.

Ní mór do Sholáthraithe Faofa cóipeanna d'fhoirm na Litreach Eolais maidir le Táillí Seirbhíse a choimeád ar ríomhphost chun críche comhlíontachta ar an láthair ionas go mbeidh siad ar fáil le hiniúchadh.

2.9 Athruithe ar Tháillí

Ní mór do CCC aon athruithe ar Liostaí Táillí a fhaomhadh ar dtús. Ní mór fógra i scríbhinn, 20 lá oibre, a thabhairt do thuismitheoirí maidir le haon athrú ar Liosta na dTáillí. Sa chás go bhfuil Liosta na dTáillí athbhreithnithe, ní mór Litreacha Eolais maidir le Táillí Seirbhíse leasaithe a eisiúint agus ní mór do na tuismitheoirí/na caomhnóirí iad a shíniú agus iad a choimeád i gcomhaid na seirbhíse. Ní mór cóipeanna de litreacha Eolais maidir le Táillí Seirbhíse a eisítear agus a sínítear ina dhiaidh sin a choimeád i gcomhad san áitreabh.

Ní mór cóip nuashonraithe de Liostaí Táillí a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil rochtain ag tuismitheoirí air, agus ar aon ardán ar líne atá á chothabháil ag an Soláthraí Faofa chun críche a sheirbhísí a phoiblíú.

2.10 Ceanglais Taispeána Doiciméad

Ní mór cóip den Liosta Táillí, mar aon le cóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha (lena n-áirítear litreacha Eolais maidir le Táillí Seirbhíse) a bhaineann le cláir atá á maoiniú ag DCEDIY a seoladh chuig tuismitheoirí, a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil rochtain ag tuismitheoirí air agus a mbeidh tuismitheoirí in ann é a fheiceáil ann, agus ní mór é a thaispeáint go soiléir ar aon ardán ar líne atá á chothabháil ag an Soláthraí Faofa chun críche a sheirbhísí a phoiblíú.

Mar choinníoll den chomhaontú maoinithe don chlár ECCE do bhliain chlár 2022/2023, comhaontaíonn Soláthraithe Faofa cead a thabhairt don Aire/Riarthóir na Scéime a dtáillí a fhoilsiú ar líne agus in aon fhoirm. Chomh maith leis sin, coimeádann an tAire/Riarthóir na Scéime an ceart na sonraí seo a fhoilsiú agus na sonraí a úsáid i bhfoirm chomhlán chun críche táillí a thuairisciú.

2.11 Ceanglas Comhlánaithe Doiciméad

Ní mór go mbeadh cóip den Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse ag Soláthraithe Faofa ar comhad maidir le gach tuismitheoir/caomhnóir linbh atá ag glacadh páirte i gClár ECCE, ar a léirítear go bhfuil na táillí faofa. Ní mór go mbeadh na táillí cosúil leis na táillí atá sonraithe ar Liosta na dTáillí.

2.12 Seiceálacha CCC

Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh na CCCanna ag seiceáil na Liostaí Táillí ar fad d'fhonn a chinntiú go bhfuil téarmaí an chomhaontaithe maoinithe sínithe agus go bhfuil rialacha an Chláir ECCE á gcomhlíonadh. Sa chás go dtugtar faoi deara nach bhfuil Soláthraithe Faofa comhlíontach, beidh 4 seachtaine acu chun a liosta(i) táillí a cheartú. Mura bhfuil a Liostaí Táillí nuashonraithe acu i ndiaidh

na tréimhse sin, de réir threoir CCC, cuirfear Riarthóir na Scéime ar an eolas. D'fhéadfaí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm má chinntear go sáraíonn Liostaí Táillí aon cheann de rialacha/beartas an chláir ECCE.

Caibidil 3 Féilire Seirbhíse

3.1 Ceanglas Féilire Seirbhíse

Ní mór do Sholáthraithe Faofa féilire seirbhíse a chur ar fáil do *EY HIVE* roimh an gcomhaontú maoinithe a shíniú ach tráth nach déanaí ná coicís roimh bhliain chláir nua 2022/23. Tá an féilire faoi réir athbheithnithe a bheidh á dhéanamh ag an Roinn/Riarthóir na Scéime/CCC.

Ní mór do sheirbhísí atá ag oscailt tráth nach déanaí ná an 22 Lúnasa 2022 a bhféilirí a chur ar fáil ar *EY HIVE* coicís, ar a laghad, sula n-osclaíonn siad do bhliain chláir 2022/2023.

3.1.1 Féilire do Thuismitheoirí

Ba cheart féilire seirbhíse a cheangal leis an Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse ach ba cheart cóip a thabhairt do gach tuismitheoir/caomhnóir agus ba cheart na laethanta a bhfuil an tseirbhís le bheith oscailte faoi Bhliain Chláir 2022/2023 a shonrú.

3.1.2 Seachtainí/Laethanta Oscailte Íosta i mBliain an Chláir

Ní mór go mbeadh seirbhísí a bhfuil conradh acu don Chlár ECCE a bheith oscailte le haghaidh 38 seachtain (nó 182 lá) ar a laghad i rith bhliain an chláir mura gcinneann an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhalairt.

3.1.3 Seachtainí Oscailte Íosta sa Téarma

Ceanglaítear ar Sholáthraithe Faofa a bheith oscailte le haghaidh líon íosta seachtainí gach téarma ECCE, agus tá na sonraí maidir leis seo le fáil i dTreoir 'Conas' ECCE atá ar fáil ar *EY HIVE* ag (<https://earlyyearshive.ncs.gov.ie/how-to-guides/how-to-guides-ecce/service-calendar-ecce/>).

3.2 Seachtain Neamhíoca

Má tá seirbhís dúnta le haghaidh 3 lá nó níos mó in aon seachtain amháin, glactar leis mar sheachtain neamhíoca.

3.3 Ceanglais Taispeána Doiciméad

Ní mór cóip den fhéilire seirbhíse, mar aon le cóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha a bhaineann le clár atá á maoiniú ag DCEDIY a sheoladh chuig tuismitheoirí, a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil rochtain ag tuismitheoirí air agus a mbeidh tuismitheoirí in ann é a fheiceáil ann, agus ní mór é a thaispeáint ar aon ardán ar líne atá á chothabháil ag an Soláthraí Faofa chun críche a sheirbhísí a phoibliú.

Mar choinníoll den chomhaontú maoinithe don chlár ECCE do bhliain chláir 2022/2023, comhaontaíonn Soláthraithe Faofa cead a thabhairt don Aire/Riarthóir na Scéime a bhféilirí a fhoilsiú ar líne agus in aon fhoirm.

3.4 Athruithe ar Fhéilirí Seirbhíse

3.4.1 Athruithe Féilire a Fhaomhadh

Ní mór do na CCCanna aon athruithe ar fhéilire seirbhíse a fhaomhadh.

3.4.2 Fógra maidir le hAthrú Féilire

Ní mór fógra i scríbhinn, 20 lá oibre, a thabhairt do thuismitheoirí maidir le haon athrú ar fhéilire na seirbhíse fad is go bhfuil an féilire faofa ag na CCCanna agus ní mór cóipeanna d'fhógraí den chineál sin a choinneáil ar comhad.

3.4.3 Féilire Athbhreithnithe a Thaispeáint

Sa chás go bhfuil féilire athbhreithnithe, ní mór cóip athbhreithnithe den fhéilire a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís atá le feiceáil ag agus a rochtain ag thuismitheoirí/caomhnóirí air, mar aon le haon ardán ar líne atá á chothabháil ag an Soláthraí Faofa chun críche a sheirbhísí a phoibliú. Chomh maith leis sin, glacfaidh an Roinn le hadmháil ón thuismitheoir/ón gcaomhnóir ábhartha go bhfuil an féilire nuashonraithe faighte trí ríomhphost nó i bhfoirm cóip chrua, cibé rogha a oireann don Soláthraí Faofa. Ba cheart an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ríomhphost a úsáid, áfach.

Ba cheart a chur in iúl do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ar mian leo tairbhe a bhaint as an rogha ríomhphoist, maidir le cosaint sonraí, nach bhfuil an ríomhphost chomh slán céanna. Ba cheart fiafraigh de thuismitheoirí/de chaomhnóirí an seoladh ríomhphoist atá le húsáid a athdheimhniú agus ba cheart don Soláthraí Faofa a chinntiú nach n-eisítear ach ríomhphoist shonracha chuig an seoladh cuí don teaghlach cuí. Ní mór do Sholáthraithe Faofa cóipeanna de gach ríomhphost a choinneáil ar an láthair chun críche comhlíontachta agus ba cheart go mbeidís ar fáil le hiniúchadh.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le féilirí seirbhíse, déan teagmháil le do CCC áitiúil nó féach ar an 'Treoirleabhar 'Conas'-Liostaí Táillí agus Féilire Seirbhíse Chlár ECCE' Riarthóir na Scéime ar EY HIVE (<https://earlyyearshive.ncs.gov.ie/how-to-guides/how-to-guides-ecce/service-calendar-ecce/>)

Caibidil 4 Forléargas ar ECCE

Is clár uilíoch saor in aisce é an clár ECCE atá ar fáil do gach leanbh atá laistigh den aoisraon cáilithe. Soláthraítear an chéad eispéireas foirmiúil luathfhoghlama do leanaí sula dtosaíonn siad ag freastal ar an mbunscoil. Tá an clár á sholáthar le haghaidh 3 huair an chloig sa lá, cúig lá sa tseachtain thar 38 seachtain¹ i rith na bliana, idir dheireadh mhí Lúnasa agus Meitheamh.

4.1 Caighdeán Oideachais Luathbhlianta

Ní mór do sheirbhísí cúraim leanaí atá ag glacadh páirte sa scéim ECCE clár oideachais réamhscoile oiriúnach a sholáthar a chloíonn le prionsabail agus le caighdeáin Síolta agus Aistear, agus na creatáí náisiúnta le haghaidh fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Tá baill foirne na gCoistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCCanna) ar fáil chun tacú le seirbhísí rannpháirteacha trí chuariteanna cúnaimh a eagrú agus aiseolas a sholáthar. Níl ECCE ar fáil ach trí na seirbhísí luathbhlianta rannpháirteacha. Tá liosta de na seirbhísí seo ar fáil tríd an CCC áitiúil, ábhartha.

4.2 Cáilitheacht le haghaidh ECCE

Tá an clár ar fáil do gach leanbh ón Meán Fómhair i ndiaidh dóibh 2 bhliain agus 8 mí a shlánú.

4.3 Rialacha Chlár ECCE

4.3.1 Aois an Linbh Cháilithe

Ní mór go mbeadh 2 bhliain agus 8 mí slánaithe ag leanbh ar nó roimh an 31 Lúnasa 2022, agus níor cheart go mbeadh leanbh níos sine ná 5 bliana agus 6 mhí ar nó roimh an 30 Meitheamh 2023, chun a bheith cáilithe do bhliain chláir 2022/23.

Leagtar amach i dTábla 1 na dátaí cáilitheachta ábhartha de réir bhliain na breithe.

Tábla 1: Cáilitheacht le haghaidh ECCE de réir Mhí na Breithe		
Dáta breithe idir	Dáta Tosaigh ECCE	Dáta Críochnaithe ECCE
An 1 Eanáir 2018 - An 31 Nollaig 2018	An 1 Meán Fómhair 2021 + An 1 Meán Fómhair 2022	Meitheamh 2023
An 1 Eanáir 2019 - An 31 Nollaig 2019	An 1 Meán Fómhair 2022 + An 1 Meán Fómhair 2023	Meitheamh 2024
An 1 Eanáir 2020 - An 31 Nollaig 2020	An 1 Meán Fómhair 2023 + An 1 Meán Fómhair 2024	Meitheamh 2025

1

Ceadaítear líon beag seirbhísí a reáchtáil thar thréimhse 41 seachtain in imthosca eisceachtúla. Leanfar leis na socruithe reatha le haghaidh na seirbhísí cláraithe seo, agus tá siad faoi réir na rialacha ar fad atá le fáil iontu sin seachas gur féidir leo an Clár ECCE a sholáthar le haghaidh 4 lá sa tseachtain, le haghaidh 3.5 uair an chloig sa lá. Ní féidir le haon seirbhís eile tairbhe a bhaint as an rogha 41 seachtain. Nuair a ghéilleann seirbhís don rogha 41 seachtain/nuair nach gcláraíonn sí leanaí le haghaidh 41 seachtain i mbliain chláir, ní féidir leis an tseirbhís sin fillleadh ar an rogha sin amach anseo.

An 1 Eanáir 2021 - An 31 Nollaig 2021	An 1 Meán Fómhair 2024 + An 1 Meán Fómhair 2025	Meitheamh 2026
An 1 Eanáir 2022 - An 31 Nollaig 2022	An 1 Meán Fómhair 2025 + An 1 Meán Fómhair 2026	Meitheamh 2027

4.3.2 Eisceachtaí a bhaineann leis an Uasteorainn Aoise

Tá foráil le haghaidh eisceachta don uasteorainn aoise (díolúine thar aois) sa chás go bhfuil riachtanais speisialta/bhreise ag leanbh á n-athbhreithniú sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais.

Ceanglófar ar iarrthóirí ar dhíolúine don uasteorainn aoise an chúis a bhfreastalódh seirbhís ECCE ar riachtanais shonracha a linbh ar bhealach níos oiriúnaí ná bunscoil a mhíniú. Ní mór iarratais ar dhíolúintí den chineál sin a chur i scríbhinn agus a sheoladh chuig EYQueries@equality.gov.ie. **Tabhair faoi deara, ní ghlacfar le hiarratais ach ó thuismitheoir(i)/ó chaomhnóir(i) linbh agus ní ó Sholáthraí Faofa.**

4.3.3 Doiciméid/Faisnéis Riachtanach

Ní mór do thuismitheoir(i) ainm iomlán an linbh a chur ar fáil don Soláthraí Faofa de réir an teastais bhreithe nó pas, dáta breithe an linbh agus PPSN an linbh chun a leanbh a chlárú ar an gclár ECCE.

Ní mór don Soláthraí Faofa doiciméid ina bhfuil eolas maidir leis an PPSN agus aon fhaisnéis phearsanta eile a scríosadh nuair nach dteastaíonn a leithéid don chlárú níos mó.

4.3.4 An Cóimheas Aosach is Leanaí

Tá an cóimheas aosach is leanaí do sheisiún ECCE cothrom le 1:11 (ní mór go mbeadh gach leanbh sa seomra idir 2.8 agus 6 bliana d'aois).

4.3.5 Rollú Íosta

- I. Ní mór go mbeadh ochtar leanaí cáilithe do ECCE, ar a laghad, ag freastal ar gach seisiún atá á reáchtáil ag Soláthraí Faofa.
- II. Is féidir eisceachtaí a bhaineann leis an íoslíon rollaithe a cheadú in imthosca áirithe. Ní mór iarratais a chur faoi bhráid na gCoistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí, lena n-athbhreithniú agus lena bhfaomhadh. Féach ar CCanna má theastaíonn eolas uait maidir le conas sonraí a chur ar fáil ar *EY HIVE*.

4.3.6 Ag Fágáil gan Fógra a Thabhairt

Más mian le tuismitheoir/caomhnóir a leanbh a bhogadh chuig Seirbhís ELC eile, ní mór do thuismitheoirí/do chaomhnóirí fógra 4 seachtaine (níor cheart laethanta saoire/seachtainí dúnta a chur san áireamh) a thabhairt don Soláthraí Faofa reatha maidir le seirbhís a fhágáil.

4.3.7 Ag Fágáil gan Fógra a Thabhairt

Má bhaineann tuismitheoir/caomhnóir a leanbh amach as Seirbhís ELC gan fógra i scríbhinn ceithre seachtaine a thabhairt, féadfaidh an Soláthraí Faofa suas le ceithre seachtaine d'fhóirdheontas ECCE a éileamh don leanbh sin. Má iarrann Soláthraí Faofa, áfach, go mbaintear leanbh ón tseirbhís gan fógra ceithre seachtaine a thabhairt don tuismitheoir/don chaomhnóir, ní mór don Soláthraí Faofa an leanbh a chlárú mar fhágálaí ón dáta ar baineadh an leanbh amach as an tseirbhís.

4.3.8 Fógra maidir le Leanbh a Athrú chuig Am Malartach ECCE

Más mian le Soláthraí Faofa leanbh a athrú chuig am difriúil ECCE i ndiaidh leanbh a chlárú do sheisiún ECCE ar leith, e.g. ó mhaidin go dtí tráthnóna, ní féidir a leithéid a dhéanamh ach amháin má tá cead faighte ó na tuismitheoirí.

4.3.10 Clár ECCE a Sholáthar

Ceanglaítear ar Sholáthraí Faofa trí huair an chloig a sholáthar gach lá, cúig lá sa tseachtain le haghaidh 38 seachtain/182 lá sa bhliain chlár.²

4.3.11 Ráta(i) ECCE

Tá an chaipitíocht chaighdeánach sheachtainiúil ECCE do bhliain chlár 2022/2023 cothrom le €69.00. Sa chás go bhfuil leanbh ag freastal ar sheirbhís pháirtaimseartha nó lánaimseartha, ní mór don Soláthraí Faofa na táillí atá íoctha ag an tuismitheoir/ag an gcaomhnóir a laghdú €64.50, sin luach Fhóirdheontas ECCE.

4.3.12 An Clár ECCE a bheith á sholáthar ag níos mó ná Seirbhís ELC amháin (Áit Roinnte)

Ar mhaithe le leanúnachas cúraim, riachtanas oideachais agus sóisialaithe an linbh, molann DCEDIY go láidir nach bhfreastalaíonn leanaí ach ar sheirbhís amháin más féidir. Is féidir áit ECCE linbh a roinnt idir dhá sheirbhís, áfach, sna cásanna eisceachtúla seo a leanas:

- Sa chás gur ann do chomhaontú comhchaomhnóireachta agus, mar gheall air seo, ní féidir leis an leanbh freastal ar an tseirbhís chéanna gach lá;
- Sa chás go bhfuil riachtanas breise ag leanbh agus gur mhol an speisialtóir réamhscoile go roinnfí áit ECCE idir speisialtóir agus réamhscoil phríomhshrutha ar na forais gur ar mhaithe le leas an linbh atá sé seo; agus
- Sa chás go n-éilíonn socrúithe oibre an tuismitheora/na dtuismitheoirí socrúchán roinnte.

Ba cheart iarratais ar dhíolúintí áiteanna roinnte a sheoladh i scríbhinn chuig Aonad Maoirseachta Scéimeanna Luathbhlianta DCEDIY tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas a úsáid EYQueries@equality.gov.ie.

² Ceadáítear líon beag seirbhísí a reáchtáil thar thréimhse 41 seachtain in imthosca eisceachtúla. Leanfar leis na socrúithe reatha le haghaidh na seirbhísí cláraithe seo, agus tá siad faoi réir na rialacha ar fad atá le fáil iontu sin seachas gur féidir leo an Clár ECCE a sholáthar le haghaidh 4 lá sa tseachtain, le haghaidh 3.5 uair an chloig sa lá. Ní féidir le haon seirbhís eile tairbhe a bhaint as an rogha 41 seachtain. Nuair a ghéilleann seirbhís don rogha 41 seachtain/nuair nach gcláraíonn an tseirbhís leanaí le haghaidh 41 seachtain i mbliain chlár, ní féidir leis an tseirbhís sin filleadh ar an rogha sin amach anseo.

Caibidil 5 Cáilíochtaí Ball Foirne

5.1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa

Ní mór do Sholáthraí Faofa a chinntiú go bhfuil cáilíocht leibhéal 5, ar a laghad, ag baill foirne atá ag obair le leanaí, cáilíocht a chomhlíonann riachtanais na Rialachán fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016.

5.2 Aitheantas Cáilíochtaí le haghaidh ECCE

Tá na leibhéil faofa sonraithe ag DCEIDY ar an liosta cáilíochtaí faofa freisin, agus i Litreacha Cáilitheachta a chuirtear ar fáil do dhaoine a n-éiríonn lena n-iarratais.

- **Oideoir** - tá ceanglais rialála á gcomhlíonadh (ní mór go mbeadh cáilíocht leibhéal 5 NFQ, ar a laghad, ag iarrthóir)
- **Príomhoideoir** - caipitíocht chaighdeánach (ní mór go mbeadh cáilíocht leibhéal 6 NFQ, ar a laghad, ag iarrthóir)

5.3 Cáilíochtaí Íosta chun ECCE a sholáthar

Ní mór go mbeadh Príomhoideoir i láthair i ngach seomra/seisiún ECCE ag a bhfuil cáilíocht leibhéal 6, ar a laghad, a chomhlíonann ceanglais chomhaontú maoinithe ECCE do Phríomhoideoir mar atá sonraithe ar liosta foilsithe DCEDIY ‘Cáilíochtaí Aitheanta Luathbhlianta’ nó ba cheart go mbeadh Litir Cháilitheachta Cleachtaidh ag an leibhéal seo ar fáil atá eisiithe ag DCEDIY (tá tuilleadh eolais maidir le cáilíochtaí, lena n-áirítear an liosta foilsithe le fáil ag (<https://www.gov.ie/en/service/000073-recognition-of-an-early-years-qualification/>)).

Tá maolú ar an gceanglas thuas bunaithe do bhliain chláir 2022/23 le haghaidh na gcleachtóirí sin a bhfuil síneadh ar Dhearbhú Marthanaithe sínithe acu.

Caibidil 6 Leanbh a Chlárú ar Chlár ECCE

6.1 Socruithe Tinrimh agus Tairiscint Seirbhíse a Chomhaontú

Ní mór do Bhainisteoir na Seirbhíse ELC deimhniú agus comhaontú a bhunú le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an líon laethanta, an cineál seisiúin (más infheidhme) agus patrún tinrimh a bhfuil an leanbh á chlárú lena aghaidh sula gcláraítear an leanbh don Chlár ECCE.

6.1.1 Foirm Dhearbhaite Tuismitheoirí

Ní mór do Sholáthraithe Faofa a chinntiú go síníonn tuismitheoirí/caomhnóirí Foirm Dhearbhaite Tuismitheoirí chun a léiriú go dtuigeann siad téarmaí an chlár agus go bhfuil sonraí clárúcháin an linbh cruinn. Ní mór don Soláthraí Faofa taifead de gach comhaontú a choinneáil ar an láthair.

6.1.2 Patrúin Tinrimh a Sheiceáil

Ní mór go mbeadh patrún tinrimh iarbhír an linbh á léiriú ar chlárú gach linbh. Sa chás go bhfuil neamhréir idir tinreamh agus clárú, ní mór don Soláthraí Faofa an clár a leasú ar *EY HIVE*. D'fhéadfadh go mbeadh teip clárú a nuashonrú chun léargas a thabhairt ar an bpatrún tinrimh iarbhír mar bhonn le ró-éileamh a chur faoi bhráid na Roinne. Forchúiteofar ró-éilimh de réir Chomhaontú Maoinithe ECCE (Tá treoracha maidir le Clárú Linbh le fáil ar *EY HIVE*).

6.2 Cathain ba cheart leanbh a chlárú?

Is féidir le Soláthraithe Faofa tús a chur le leanbh a chlárú suas le 7 seachtaine roimh dháta tosaigh na bliana cláir; is féidir clárú ón Luan, an 4 Iúil 2022.

6.3 An Dáta is Déanaí le haghaidh Clárú

Is é an dáta is déanaí ar féidir le Soláthraí Faofa leanbh a chlárú, ocht seachtaine i ndiaidh dháta tosaigh an linbh.

6.4 Clárú Déanach

- I. Coimeádann DCEDIY an ceart diúltú do nó gan maoiniú a shiardhátú le haghaidh aon “clárú déanach” (i.e. níos mó ná ocht seachtaine i ndiaidh dháta tosaigh an linbh).
- II. Coimeádann DCEDIY an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaontú maoinithe ECCE seirbhísí a chuireann clárú déanach ar fáil an t-am ar fad.

6.5 Neamhthinreamh Linbh ón Dáta Tosaigh

Mura bhfreastalaíonn leanbh laistigh de cheithre seachtaine ón dáta tosaigh, ní mór an clárú a chealú láithreach agus déanfar aon íocaíocht a fhaightear don leanbh sin a aisghabháil.

Caibidil 7 Tinreamh

7.1 Neamhthinreamh

Mura raibh leanbh i láthair ag seirbhís, ba cheart don Soláthraí Faofa teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir/leis an gcaomhnóir chun eolas a fháil maidir le cúis neamhthinrimh an linbh laistigh den chéad seachtain ina dtugtar an neamhthinreamh faoi deara. Sa chás nár fhreastail leanbh ar an tseirbhís le haghaidh 4 seachtaine i ndiaidh a chéile, ní mór don tseirbhís an fágálaí a iontráil ar *EY HIVE* agus an dáta deiridh ar fhreastail an leanbh ar an tseirbhís a shonrú.

7.2 Imthosca Speisialta

In imthosca speisialta áirithe, féadfaidh seirbhís ELC iarratas a chur chuig Riarthóir na Scéime chun an clárú a choimeád níos faide ná 4 seachtaine, 6/12 seachtaine. (Féach ar Thábla 3 áit a bhfuil eolas maidir le cásanna a cháilíonn le haghaidh ‘imthosca speisialta’). Féadfaidh Riarthóir na Scéime cruthúnas tacaíochta ar imthosca speisialta a lorg. D’fhéadfaí go n-áireofaí i measc cruthúnas inghlactha litir nó teastas dochtúra ar féidir leis an Soláthraí Faofa í/é a uaslódáil chuig an gcóras (mar a chuirtear ar fáil agus le comhaontú an tuismitheora).

Más féidir ba cheart do Sholáthraithe Faofa iarratas le haghaidh imthosca speisialta a chur faoi bhráid Riarthóir na Scéime roimh dheireadh an 4^ú seachtaine de neamhthinreamh.

Tábla 2 Imthosca Speisialta Cáilitheacha

Imthosca Cáilitheacha	Neamhláithreacht Uasta a bhfuil Fóirdheontas íoctha lena haghaidh
Méala neasteaghlaigh.	6 seachtaine
Taisteal ar feadh tréimhse fhada, uair sa bhliain, chuig áit bhreithe an linbh nó áit bhreithe ceachtar de thuismitheoirí an linbh.	6 seachtaine
Tinneas fada (níos mó ná ceithre seachtaine) a bheith á fhulaingt ag an leanbh, tuismitheoir nó siblín.	12 seachtaine

Sa chás go ndéantar iarratas ar imthosca speisialta agus nach bhfuil imthosca speisialta i gceist, ní mór don Soláthraí Faofa dáta deiridh a lua leis an gclárú agus cuirfear stop leis an íocaíocht ag an dáta deiridh sin (ní cheadaítear dáta atá níos déanaí ná deireadh na tréimhse 4 seachtaine de neamhláithreacht leanúnach).

Sa chás nach mbíonn aon litir curtha ar fáil ag deireadh na 6 seachtaine de neamhláithreacht leanúnach agus, sa chás nár fhill an leanbh ar an tseirbhís ELC le linn an ama sin, ní mór don Soláthraí Faofa dáta deiridh a lua leis an gclárú, an ceathrú seachtaine, agus cuirfear stop leis an íocaíocht ón dáta deiridh sin.

Sa chás go gcuirtear litir ar fáil i ndiaidh 4 seachtaine ach nach déanaí ná 6 seachtaine ón neamhláithreacht bhunaigh agus go bhfuil dáta deiridh luaite leis an gclárú, féadfar an clárú a athbhunú.

7.3 Laghdú ar Thinreamh agus Nuashonrú *EY HIVE*

Sa chás go bhfuil difríocht idir tinreamh agus clárú, agus go bhfuil patrún comhsheasmhach le tabhairt faoi deara thar thréimhse 4 seachtaine, ní mór clárú a nuashonrú chun léargas a thabhairt ar an bpatrún tinrimh iarbhír. Ní mór go ndéanfaí nuashonrú ar *EY HIVE* láithreach baill i ndiaidh tús a bheith curtha leis na 4 seachtaine de phatrún tinrimh laghdaithe. D'fhéadfadh go mbeadh teip clárú a nuashonrú chun léargas a thabhairt ar an bpatrún tinrimh iarbhír mar bhonn le ró-éileamh a chur faoi bhráid na Roinne. Forchúiteofar ró-éilimh de réir théarmaí chomhaontú maoinithe ECCE.

7.4 Tearcthinreamh Leanúnach

Sa chás go raibh an tinreamh níos lú ná na huaireanta cláraithe i ngach ceann den 4 seachtaine roimhe sin, féadfaidh an Soláthraí Faofa iarratas a chur chuig Riarthóir na Scéime chun an clárú a choimeád le haghaidh níos mó ná 4 seachtaine, le haghaidh suas go 12 seachtaine.

Féach ar Thábla 3: Imthosca Speisialta Cáilitheacha i rannóg 7.2 má theastaíonn tuilleadh eolais uait.

Más féidir, ba cheart do Sholáthraithe Faofa fógra a chur chuig Riarthóir na Scéime roimh neamhláithreacht leanúnach amach anseo sa chás go gcreideann siad go mbeidh imthosca speisialta i bhfeidhm.

7.5 Seirbhís a Fhágáil

Má fhágann leanbh an tseirbhís, ní mór don Soláthraí Faofa *EY HIVE* a nuashonrú láithreach agus an dáta deiridh ar fhreastail an leanbh ar an tseirbhís a shonrú. Ní mór do Thuismitheoirí/do Chaomhnóirí fógra 4 seachtaine a thabhairt do sholáthraithe má tá seirbhís á fágáil. Ceadóidh sé seo do Sholáthraithe Faofa *EY HIVE* a nuashonrú agus cuirfear stop le híocaíocht ar an dáta fágála iarbhír. Sa chás nach dtugtar aon fhógra maidir le fágáil do Sholáthraí Faofa, féadfaidh sé fóirdheontas 4 seachtaine a éileamh in ionad fógra a thabhairt.

Ainneoin go bhfuil cead ag tuismitheoir/caomhnóir a leanbh a thógáil amach as seirbhís ag am ar bith, ní cheadófar dó/di tairbhe a bhaint as tuilleadh maoinithe cúraim leanaí fad is atá an maoiniú faofa tiomanta don tseirbhís i rith na tréimhse fógra 4 seachtaine seo.

7.6 Eisceacht i ndáil leis an Riail a bhaineann le Fógra Ceithre Seachtaine

Is féidir le tuismitheoir/caomhnóir a leanbh a thógáil amach as seirbhís agus é/í a athchlárú i seirbhís nua gan an tréimhse fógra 4 seachtaine a chomhlíonadh sa chás gur thug Tusla fógra don tseirbhís go bhfuil an tseirbhís sin le baint de chlár Tusla.

Caibidil 8 Coimeád Taifead

8.1 Oibleagáid Soláthraí Faofa

Ní mór do Sholáthraithe Faofa taifead beacht a choimeád de **thinreamh iarbhír** gach linbh lena n-áirítear amanna laethúla teachta agus fágála gach linbh. Ní mór go mbeadh clárú sheirbhísí ELC ar *EY HIVE* ag teacht leis an tinreamh iarbhír (tinreamh iarbhír linbh seachas amanna oscailte seisiúin/seirbhíse) mar atá taifeadta sna taifid tinrimh. Tá cóip de thaifid tinrimh dea-chleachtas le fáil in Aguisín 2 den doiciméad seo.

8.2 Ceanglas Taifid Tinrimh a Choimeád

Ní mór don Soláthraí Faofa taifid tinrimh leanáí cláraithe a choimeád, ar a dtaifeadtar uaireanta tinrimh laethúla, ar a dtaifeadtar ainm iomlán an linbh, dáta tinrimh, am teachta agus fágála an linbh agus ainm an duine atá freagrach (fostaí, oibrí deonach nó duine atá i mbun taithí oibre) as gach teacht agus fágáil a thaifeadadh. Ní mór go léireofaí ar an taifead tinrimh le haghaidh gach seomra an líon leanáí atá sa seomra, agus ní mór an taifead a nuashonrú nuair a fhágann leanbh nó nuair a thagann leanbh isteach sa seomra.

Ní mór don Soláthraí Faofa am teachta agus fágála gach linbh a thaifeadadh i bhfíor-am. Ní mór taifid tinrimh a choimeád ar bhealach atá oiriúnach chun tréimhse tinrimh iarbhír gach linbh atá ainmnithe a bhunú, i dtéarmaí uaireanta. Ní mór ainm an linbh a thaifeadadh ar bhealach comhsheasmhach chun sainaithint patrún tinrimh a éascú (i.e. má tá na taifid tinrimh á dtaifeadadh ar bhileoga seachtainiúla, ba cheart ainm an linbh a thaifeadadh san ord céanna). Moltar úsáid a bhaint as formáidí tinrimh seachtainiúla (seachas formáidí laethúla) de bhrí go gcabhraíonn siad le patrúin tinrimh a bhunú. Ina theannta sin, ní mór aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

1. Ba cheart taifid tinrimh / rollaí ar leith a choimeád do gach seisiún / seomra.
2. Sa chás go bhfuil taifid fhoirseacha in úsáid chun tinreamh a thras-scríobh chuig taifead tánaisteach, ní mór na taifid fhoirseacha a choimeád agus a chur ar fáil chun críche athbhreithnithe.
3. Má bhogann leanbh chuig seomra eile i rith an lae, ba cheart go mbeadh sé sin sonraithe sna taifid tinrimh.
4. Sonraigh ainm iomlán an Linbh (de réir thaifid *EY HIVE*).
5. Coinnigh ainmneacha na leanáí i seicheamh comhsheasmhach i rith an timthrialla. Coimeád taifid maidir le leanáí a d'fhág an tseirbhís ELC i.e. ná scrios nó ná forscríobh.
6. Ní mór gach neamhláithreach a thaifeadadh.
7. Cinntigh go bhfuil taifid tinrimh / rollaí á gcomhlánú ag ball foirne atá ag obair sa seomra.
8. Coinnigh leabhar sínithe isteach agus amach tuismitheoirí ar leithligh agus coinneigh Taifid tinrimh / rollaí ar leithligh.
9. Iontráil am teachta agus fágála gach linbh laistigh den tseirbhís lena n-áirítear clubanna larscoile agus Bricfeasta. Ná húsáid ticeanna.
10. Sa chás go bhfuil taifid pháipéir á gcoimeád, ba cheart tinreamh fóra-ama gach linbh a choimeád i bhformáid sheachtainiúil, mar a léirítear i bhfigiúr 1 thíos, mar shampla.
11. Sa chás go bhfuil taifid leictreonacha á gcoimeád, ní mór don tseirbhís ELC an tinreamh a thaifeadadh i bhfíor-am agus a bheith in ann tuarascálacha seachtainiúla/míosúla a sholáthar le haghaidh leanáí aonair a léiriú a leibhéal tinrimh don timthriall sin go dáta. **Chomh maith**

leis sin, ba cheart go mbeadh tuarascálacha sonracha ar fáil do sheomraí agus do sheisiúin nuair atá siad á gcoimeád i bhfoirm pháipéir.

Athbhreithneofar taifid tinrimh i rith cuairteanna comhlíontachta. Féach ar Aguisín 2 má theastaíonn tuilleadh eolais uait.

8.3 Teip Taifid Tinrimh Oiriúnacha a Choimeád

D'fhéadfadh go mbeadh teip taifid tinrimh a choimeád mar bhonn le glacadh leis go bhfuil an líon uaireanta tinrimh cothrom le náid. Féadfaidh DCEDIY aon íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón Soláthraí Faofa agus/nó aisíocaíocht airgead ró-éilithe atá íoctha cheana féin don tréimhse i gceist a éileamh.

D'fhéadfadh go mbeadh teip taifid tinrimh oiriúnacha a choimeád (e.g. sa chás go bhfuil taifid tinrimh á gcoimeád, ach i bhformáid nach gceadaíonn d'oifigeach cuairte comhlíontachta cinneadh a dhéanamh maidir le huaireanta tinrimh linbh, cosúil le trí úsáid a bhaint as “ticeanna”) mar bhonn le glacadh leis go bhfuil an tinreamh cothrom leis an líon íosta uaireanta an chloig (i.e. seirbhís sheisiúnach/leathsheisiúnach). Is féidir le DCEDIY aon íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón Soláthraí Faofa agus/nó aisíocaíocht airgead ró-éilithe atá íoctha cheana féin don tréimhse i gceist a éileamh.

D'fhéadfadh go mbeadh teip taifid a choimeád san fhoráid riachtanach mar bhonn le cinneadh a dhéanamh go bhfuil neamhchomhlíonadh i gceist.

Féach ar Aguisín 2 má theastaíonn tuilleadh eolais uait.

Caibidil 9 Comhlíontacht

9.1 Freagracht Soláthraí Faofa

Tá an Soláthraí Faofa freagrach as a chinntiú go bhfuil Ceanglais a Chomhaontaithe Maoinithe á gcomhlíonadh, a áirítear ina measc cloí leis an doiciméad rialacha seo. Ba cheart do Sholáthraithe Faofa a chinntiú go dtuigeann siad agus go gcloíonn siad le hábhar an doiciméid seo, mar aon le Comhaontú Maoinithe ECCE agus leis na treoirleabhair ‘Conas’ atá ar fáil ar *EY HIVE*.

D’fhéadfaí Maoiniú ECCE agus/nó Maoiniú DCEDIY a chur ar fionraí nó cuid den mhaoiniú sin a aistarraingt agus/nó Comhaontú Maoinithe ECCE a fhoirceannadh mura gcomhlíontar aon cheann de Rialacha ECCE.

D’fhonn a chinntiú go bhfuil cuairteanna comhlíontachta chomh héifeachtúil agus is féidir do Sholáthraithe Faofa agus oifigigh chuairte araon, ba cheart do Sholáthraithe Faofa a chinntiú go bhfuil a gcomhad comhlíontachta cothrom le dáta agus go bhfuil na nithe seo a leanas le fáil ann:

- Taifid tinrimh;
- Litreacha eolais maidir le táillí seirbhíse;
- Sonraí rollaithe (lena n-áirítear díolúine rollaithe íosta más cuí);
- Litreacha ó thuismitheoirí/ó chaomhnóirí;
- Taifid táillí;
- Cáilíochtaí ball foirne; agus litir cháilíochta;
- Litir sínte dearbhaithe marthanaithe de réir mar is cuí;
- Fianaise ar chlárú le Tusla.

Ní mór an comhad comhlíontachta a choinneáil ar an láthair agus a chinntiú go bhfuil sé ar fáil lena iniúchadh i gcónaí.

Ba cheart do sheirbhísí an méid seo a leanas a chinntiú freisin:

- Tá an clárú *EY HIVE* ceart,
- Tá Liosta Táillí agus Féilire Seirbhíse *EY HIVE*, le haghaidh gach clár maoinithe faofa, ar taispeáint go soiléir do thuismitheoirí agus,
- Tá ball foirne ar an láthair i gcónaí a bhfuil rochtain aige/aici ar an gcomhad comhlíontachta agus ar féidir leis/léi an chuairt a éascú. Tabhair faoi deara, má tá na taifid ar fáil lena n-athbhreithniú, go mbeidh aon chur isteach ar Sheirbhís ELC ag íosleibhéal, seachas go mb’fhéidir go mbeidh sé riachtanach rudaí áirithe a shoiléiriú anois agus arís.

9.2 Cuairteanna Comhlíontachta

- i. Ní mór do sheirbhísí cuairteanna comhlíontachta a éascú a dhéanfar gan fógra, lena n-áirítear rochtain ar an áitreabh, pearsanra agus taifid ábhartha.
- ii. Ní mór go mbeadh na doiciméid ar fad a bhaineann le gnóthaí airgeadais na seirbhíse, cuntais, taifid táillí, cáilíochtaí foirne, liostaí táillí, cláir agus taifid tinrimh ar an láthair an t-am ar fad. Ní mór na taifid seo a choimeád le haghaidh tréimhse 6 bliana ar a laghad ón uair a dtéann an Comhaontú Maoinithe in éag.

- iii. I rith cuairteanna oifigeach cuairte comhlíontachta féadfar cóipeanna d'aon leabhar, taifead nó doiciméad eile a iniúchadh agus a thógáil (lena n-áirítear leabhair, taifid nó doiciméid atá á stóráil i bhfoirm neamh-inléite), nó sleachta astu, a aimsíonn sé/sí i rith an iniúchta.

Caibidil 10 Force Majeure

10.1 Force Majeure agus Maoiniú

Ceadaíonn Force Majeure do pháirtí feidhmiú a (h)oibleagáidí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh nuair a bhíonn imthosca áirithe nach bhfuil aon smacht aige/uirthi orthu i gceist. Níl aon oibleagáid ar an Roinn laethanta ‘force majeure’ a mhaoiniú agus déanann an Roinn amhlaidh trí úsáid a bhaint as a breithiúnas féin.

10.2 Clásal Force Majeure Chomhaontú Maoinithe ECCE

“Más rud é agus a mhéid a chuirtear bac nó cosc ar cheachtar den dá pháirtí (an “Páirtí dá ndéantar Dífear”) mar gheall ar imthosca nach féidir leis a rialú go réasúnach, lena n-áirítear ach níl teoranta do, foiche Dé, doineann, tuilte, tintreach, tine, gníomhartha nó neamhghníomhartha tríú páirtithe nach bhfuil an Páirt dá ndéantar Dífear freagrach astu (“Force Majeure”) ó aon cheann dá oibleagáidí a fheidhmiú faoin gComhaontú seo, saorfar an Páirtí dá ndéantar Dífear ó dhliteanas a leithéid sin d’oibleagáidí a fheidhmiú.”

Tag: Comhaontú Maoinithe ECCE 2022-2023, Clásal 11.1

10.3 Próiseas Éilimh Force Majeure

Ba cheart do Sholáthraithe Faofa a force majeure a éileamh go foirmiúil le Riarthóir na Scéime tráth nach déanaí ná 5 lá i ndiaidh an teagmhais, fiú amháin má tá an teagmhas fós ar siúl, agus léargas gonta a thabhairt ar an tsaincheist agus an líon laethanta a mheastar a bheidh siad dúnta.

Sa chás go leanann Force Majeure ar aghaidh le haghaidh níos mó ná 45 lá beidh an ceart ag ceachtar den dá pháirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don pháirtí eile.

Ní féidir Force Majeure a íoc i dteannta le haon árachas nó cúiteamh faighte ag an Soláthraí faofa ó thríú páirtí le haghaidh na críche céanna.

Chun iarratas seirbhíse a dhéanamh ar *EY HIVE*:

- an Cineál Cláir “Bainistíocht Cuntas Úsáideora”,
- an chatagóir “Force Majeure” agus
- roghnaigh an fochatagóir ábhartha ansin.

Mura bhfuil seirbhís in ann, ar chúis ar bith, a cuntas *EY Hive* a rochtain chun iarratas a dhéanamh ar Force Majeure, is féidir teagmháil a dhéanamh le foireann EYPC tríd an teileafón agus ceist a chur ar an bhfoireann Bainistíochta Sonraí thar ceann an tSoláthraí Faofa. Is féidir teagmháil a dhéanamh le EYPC, Luan - Aoine, 9am - 5pm (10am - 5pm ar an gCéadaoin) ag an uimhir 01 511 7222.

Caibidil 11 Feighlithe Leanaí

11.1 Sainmhíniú ‘Feighlí Leanaí’

Glactar leis gurb ionann feighlí leanaí agus duine féinfhostaithe a thugann aire do leanaí daoine eile ina t(h)each féin. Soláthraíonn feighlithe leanaí seirbhís sholúbtha, curtha in oiriúint do gach leanbh, agus dá réir sin, cabhraítear le tuismitheoirí agus le caomhnóirí cothromaíocht a chinntiú idir a dtiomantais oibre agus teaghlaigh.

11.2 Feighlithe Leanaí agus Clárú le Tusla

Ní mór d’fheighlithe leanaí a bhfuil conradh acu chun Clár ECCE a sholáthar a bheith cláraithe le Tusla. Chun a bheith cláraithe le Tusla, ní mór d’fheighlí leanaí na riachtanais d’fheighlithe leanaí a chomhlíonadh atá sonraithe in [Rialacháin Cúraim Leanaí \(Acht um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhísí Luathbhlianta\)\(Leasuithe\), 2016](#) agus [Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 \(Clárú Seirbhíse ar Aois Scoile\), 2018](#).

Ní mór go mbeadh cúigear leanaí cáilithe ECCE ag feighlí leanaí chun an clár ECCE a sholáthar agus ní mór go mbeadh sé/sí cláraithe le Tusla.

Ba cheart d’fheighlí leanaí a cheanglaítear air/uirthi clárú iarratas a déanamh clárú mar fheighlí leanaí réamhscoile má thugann sé/sí aire do níos mó leanaí réamhscoile ná leanaí ar aois scoile, agus mar fheighlí leanaí ar aois scoile má thugann sé/sí aire do níos mó leanaí ar aois scoile ná leanaí réamhscoile. Ní mór go mbeadh feighlithe leanaí cláraithe le Tusla chun ECCE a sholáthar.

Tá tuilleadh eolais maidir le ceanglais rialála feighlithe leanaí le fáil sa [Creat Cáilíochta agus Rialála d’Fheighlithe Leanaí \(QRF\)](#) ar shuíomh gréasáin Tusla agus tá na Treoirínte Íosta Díolúine maidir le Rollú ECCE le fáil ar *EY HIVE*.

Caibidil 12 Ceanglais Airgeadais

Is ceanglas bunúsach é go ndéantar cuntas mar is cuí ar airgead poiblí agus n-úsáidtear é chun na críche beartaithe.

Coimeádfaidh an Soláthraí Faofa eolas cláraithe leanaí cothrom le dáta ar *EY HIVE*. D'fhéadfadh go mbeadh neamhchomhlíonadh mar bhonn le maoiniú a chur ar fionraí agus/nó Comhaontú Maoinithe ECCE a fhoirceannadh.

Ní mór don Soláthraí Faofa taifid chúí a choimeád ionas gur féidir leis an Roinn nó gníomhaire atá ag feidhmiú ar a son a fhíorú (lena n-áirítear Riarthóir na Scéime) go bhfuil téarmaí ginearálta Chomhaontú Maoinithe ECCE á gcomhlíonadh. Go háirithe, áireofar i dtaifid den chineál seo **clár tinrimh ar a léirítear go soiléir dáta, amanna agus tréimhsí tinrimh gach linbh aonair atá sainaitheanta le haghaidh gach lá a bhfuil an leanbh i láthair**. Féach ar Aguisín 2, Figiúr 1 de Rialacha Chlár ECCE 'Taifead Tinrimh Leanaí Shamplaigh' áit a bhfuil eolas faoi fhormaid roghnaithe na dtaifead tinrimh.

Ba cheart taifid maidir le hioncam agus caiteachas a choinneáil cothrom le dáta agus ba cheart go mbeidís ar fáil chun críche fíoraithe.

Mura gcoimeádann an Soláthraí Faofa taifid tinrimh beachta agus/nó sonraí cláraithe leanaí, beachta agus nuashonraithe, mar a cheanglaíonn clásal 7.1 de Chomhaontú Maoinithe ECCE 2022/2032, d'fhéadfaí maoiniú ECCE a chur ar fionraí láithreach baill agus/nó d'fhéadfadh go mbeadh ceanglas ann airgead ró-éilithe atá íoctha cheana féin a aisíoc agus d'fhéadfaí an Comhaontú Maoinithe ECCE a fhoirceannadh.

Ní mór don Soláthraí Faofa cuntais bhliantúla oiriúnacha a choimeád do gach bliain airgeadais de réir na scálaí ama atá sonraithe ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (le haghaidh cuideachtaí teoranta) nó ag na Coimisinéirí Ioncaim (le haghaidh eintiteas neamhchorpraithe). Ní mór cóipeanna de chuntais den chineál sin a chur ar fáil do Riarthóir na Scéime nuair a lorgáítear a leithéid.

Ní mór don Soláthraí Faofa cuntas ar leith a choimeád de chistí poiblí a fhaightear agus a chinntiú go bhfuil taifid airgeadais cuí á gcoimeád.

Ní mór don Soláthraí Faofa ról reachtúil agus freagrachtaí rialála agus cuntasachta poiblí na Roinne, a gníomhairí agus comhlachtaí reachtúla ábhartha eile a urramú agus comhoibriú go hiomlán leis an Roinn, a gníomhairí agus gach comhlacht reachtúil eile sa chomhthéacs seo i gcónaí.

Caibidil 13 CCanna maidir le Clár ECCE

13.1 An féidir le leanbh aistriú ó Sheirbhís ELC amháin go Seirbhís ELC eile?

Is féidir. Ní mór do thuismitheoir/do chaomhnóir fógra ceithre seachtaine ECCE, i scríbhinn, a thabhairt don Soláthraí Faofa, má tá sé beartaithe aige/aici a leanbh a aistriú chuig seirbhís eile nó an tseirbhís atá in úsáid aige/aici faoi láthair a fhágáil. (Ní áirítear i seachtainí ECCE na seachtainí a bhfuil an tseirbhís dúnta le haghaidh laethanta saoire).

13.2 Céard é patrún tinrimh?

Ceanglaítear ar Sholáthraithe Faofa a chinntiú go meaitseálann clárú *EY HIVE* patrúin tinrimh iarbhír. Ní mór do Sholáthraí Faofa monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh thar thréimhse ceithre seachtaine d'fhonn a chinntiú go bhfuil an clárú le haghaidh gach linbh bunaithe ar thinreamh iarbhír. Sa chás go dteipeann ar leanbh, go comhsheasmhach, thar thréimhse ceithre seachtaine, freastal ar leibhéal aitheanta seirbhíse comhaontaithe (freastal le haghaidh ceithre lá in ionad cúig lá, mar shampla), ansin ní mór don Soláthraí Faofa an clárú *EY HIVE* a nuashonrú chun é seo a léiriú.

13.3 An féidir le tuismitheoir/caomhnóir an líon laethanta tinrimh a athrú?

Is féidir, más féidir leis an Soláthraí Faofa déileáil leis an iarratas.

13.4 An féidir le feighlí leanaí ECCE a sholáthar?

Is féidir. Ní mór go mbeadh cúigear leanaí cáilithe ECCE ag feighlí leanaí chun an clár ECCE a sholáthar agus ní mór go mbeadh sé/sí cláraithe le Tusla.

13.5 Céard ba cheart dom a dhéanamh más mian liom mo Sheirbhís ELC a fhorbairt agus seomra eile a oscailt?

Má tá an seomra nua suite sa tsaoráid chéanna ba cheart duit a chinntiú go seoltar an fógra/clárú ábhartha chuig Tusla agus go seoltar sonraí na forbartha beartaithe chuig do CCC áitiúil.

Má tá an seomra nua i suíomh eile glactar leis gur saoráid nua atá ann agus beidh Uimhir Thagartha Seirbhíse nua ag teastáil mar aon le comhaontú maoinithe ECCE ar leith. Braitheann comhaontú maoinithe ECCE a bheith á chur ar fáil ar an tsaoráid nua a bheith cláraithe go cuí le Tusla. Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le Riarthóir na Scéime agus iarratas a dhéanamh ar Uimhir Thagartha Seirbhíse nua.

13.6 Céard atá i gceist le seachtainí iníoctha agus neamh-iníoctha?

Féach ar an eolas maidir le seachtain iníoctha/neamh-iníoctha ECCE:

Seachtain Iníoctha	Seachtain Neamh-iníoctha
3 lá oscailte	Níos lú ná trí lá oscailte
Lá Saoire Bainc agus 2 lá oscailte	Lá Saoire Bainc agus 1 lá oscailte
2 x Lá Saoire Bainc agus 2 lá oscailte	2 x Lá Saoire Bainc agus 1 lá oscailte

13.7 Cathain a dhéantar íocaíochtaí?

Is féidir sceidil íocaíochta le haghaidh Clár Maoinithe Cúraim Leanaí a íoslódáil ó leathanach baile *EY HIVE* ag www.earlyyearshive.ncs.gov.ie. Áirítear in íocaíochtaí Caighdeánacha agus AIM Leibhéal 1.

Cinntear Seachtainí Neamh-iníoctha bunaithe ar ionchur ar Fhéilire Seirbhíse ELC, ionchur a chuireann an Soláthraí Faofa ar fáil ag tús Ghairm an Chláir.

13.8 Conas a uaslódáil tú an fhoirm le haghaidh Díolúine Íosta Rollaithe chuig *EY HIVE*?

Seo a leanas na céimeanna atá le cur i gcrích ag Soláthraithe Faofa chun íosmhéid foirmeacha díolúine a uaslódáil chuig *EY HIVE*:

- Cliceáil ar Iarratais -> cliceáil ar Iarratas Nua -> Bainistíocht Cuntas Úsáideora
- An cineál iarratais: Ullmhacht an Chláir
- Sonraí maidir leis an gcineál iarratais: Díolúine Íosta ECCE.

13.9 Tá athbhreithniú déanta ag mo CCC áitiúil ar mo liostaí táillí agus fiafraíodh díom iad a leasú. Céard ba cheart dom a dhéanamh?

Seiceálann na CCCanna, thar ceann na Roinne, go bhfuil rialacha an Chláir ECCE á gcomhlíonadh ag gach liosta táillí agus féilire. Ní mór gach leasú a dhéanamh laistigh de thréimhse ceithre seachtaine nó cuirfear scéala chuig Riarthóir na Scéime, agus d'fhéadfaí maoiniú a choimeád go dtí go bhfuil ceanglais uile CCC comhlíonta.

13.10 Tá sé beartaithe agam éileamh a chlárú le mo chuideachta árachais agus tá Force Majeure éilithe agam. Céard ba cheart dom a dhéanamh?

Ní mór do sheirbhísí a d'éiligh Force Majeure agus ar bronnadh éileamh orthu óna gcuideachta árachais, scéala a chur chuig Riarthóir na Scéime ionas gur féidir Maoiniú Stáitchiste a fhorchúiteamh.

Aguisín 1 Doiciméad na Míreanna Roghnacha Breise

Treoir maidir le Míreanna Roghnacha Breise ECCE 22/23

Forléargas maidir le Míreanna Roghnacha Breise ECCE :

Ceann de chroíphrionsabail ECCE is ea go bhfuil sé ar fáil saor in aisce do gach tuismitheoir. Dá réir sin, b'fhearr leis an Roinn nach mbeadh mórán míreanna roghnacha breise á dtairiscint ag seirbhísí do leanaí atá ag freastal ar ECCE agus moltar go n-eagraíonn Soláthraithe Faofa gníomhaíochtaí muirearaithe a reáchtáil lasmuigh de 3 uair an chloig an Chláir ECCE.

Glactar leis na seirbhísí 'seisiúnacha' mar eisceachtaí, **ach ní féidir aon am breise a chur san áireamh mar mhír roghnach bhreise**. Ní mór a chinntiú nach mbraitheann aon leanbh go bhfuil sé/sí fágtha sa áireamh mura bhfuil sé/sí ag glacadh páirte i ngníomhaíocht bhreise roghnach. Níor cheart aon ghníomhaíocht bhreise a reáchtáil ar bhealach a chiallóidh go mbraitheann na leanaí nach bhfuil ag glacadh páirte inti go bhfuil siad á gcur as an áireamh. **Ní cheadaítear táille a ghearradh le haghaidh míreanna a mbeifí ag súil leis gur cuid de sheirbhís réamhscoile iad (e.g. ábhar ealaíon agus ceardaíochta)**. Ar an gcuma chéanna, níl cead ag seirbhísí íoc as míreanna roghnacha breise a shonrú mar chritéar chun úsáid a bhaint as an tseirbhís nó liosta de sheirbhísí breise a léiriú mar rogha aonair ar liosta na dtáillí. Ní mór aon mhíreanna roghnacha breise a thairiscint mar roghanna aonair agus ceanglaíonn sé seo go mbeidh táille aonair luaite le gach mír roghnach.

Sa chás go gcuirtear mír roghnach ar fáil i rith sheisiún ECCE, **ní mór go mbeadh leanaí nach bhfuil ag freastal ar an ngníomhaíocht roghnach ag freastal ar sheisiún iomlán ábharbhunaithe**, agus ní mór an **cóimheas riachtanach múinteoirí is leanaí a chinntiú** le haghaidh leanaí atá ag glacadh páirte sa mhír roghnach agus le haghaidh na leanaí nach bhfuil ag glacadh páirte freisin.

Mura mian le teaghlach tairbhe a bhaint as mír roghnach a comhaontaíodh roimhe seo níos mó, caithfear cead a thabhairt dó gan leanúint ar aghaidh le tairbhe a bhaint as an mír roghnach. Ainneoin go mb'fhéidir go mbeadh fógra ag teastáil d'aistarraingt dá leithéid, ní féidir tréimhse fógra ceithre seachtaine a sháru.

Coimeádann an Roinn an ceart cur leis na liostaí incheadaithe agus dícheadaithe thíos. Má theastaíonn tuilleadh eolais ó na Soláthraithe Faofa faoi mhíreanna roghnacha breise ba cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leis na CCCanna.

Míreanna roghnacha breise incheadaithe:

(Beidh go leor acu seo á chur ar fáil saor in aisce ag seirbhísí)

- **Bia** (ní mór go mbeadh an rogha ag leanaí sneaic/lón dá gcuid féin a thabhairt leo),
- Imeachtaí '**Ollchóisire**' (gníomhaíocht oideachais nó siamsaíochta á cur ar fáil ag soláthraithe seachtracha),
- **Clúidíní/brístí clúidín** (más cuí),
- **Bácáil** (sa chás gur gné rialta den chlár é seo),
- Turas scoile íoctha **amháin** (táillí iontrála, costas iompair).

Míreanna roghnacha breise dícheadaithe:

- Nóiméid/uaireanta breise (seachas seirbhísí seisiúnacha amháin a d'fhéadfadh 30 nóiméad roghnach a sholáthar),
- Ábhair ealaíon agus cheardaíochta,
- Táillí Áirithinte (is féidir glacadh le héarlais áirithinte in-aisíoctha, ach ní féidir luach ceithre seachtaine caipitíochta a shárú agus ní mór an éarlais a aisíoc nuair atá an leanbh cláraithe ar *EY HIVE*),
- Éilimh ar chaighdeán níos airde nó cóimheasanna foirne níos ísle i gcomparáid le seirbhísí rannpháirteacha eile,
- Curaclam difriúil,
- Dioplóma bronnta céime/gúnaí,
- Árachas,
- Cárta tuairisce,
- Drámaí/ceolchoirmeacha scoile,
- “Solúbthacht” neamhshonraithe (amanna fágála agus bailithe),
- Tabhartais Dheonacha,
- Bileoga Oibre agus,
- **Aon rud** a theastaíonn chun rannpháirtíocht éifeachtach in ECCE a chinntiú.

Aguisín 2

Treoir Dea-Chleachtais - Taifid Tinrimh

Is ceanglas é taifid tinrimh maithe a choimeád chun **Rialacha DCEDIY don Chlár ECCE** agus [Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 \(Seirbhís Luathbhlianta\), 2016](#) a chomhlíonadh. [about:blank](#) Is féidir taifid tinrimh a choimeád i bhformáidí éagsúla e.g. leabhair rolla, formáidí bileoga seachtainiúla nó formáidí leictreonacha. Ní mholann Pobal/DCEDIY aon fhormáid shonrach a úsáid ach ar mhaithe le dea-chleachtas, tá roinnt nod tiomsaithe agat maidir conas is féidir tinreamh a thaifeadadh go comhsheasmhach chun ceanglais Chlár Maoinithe DCEDIY a chomhlíonadh. Má theastaíonn tuilleadh tacaíochta uait déan teagmháil le do Choiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí.

Ón Tús

- Cinntigh go bhfuil taifid tinrimh /leabhair rolla ar fáil do gach seisiún/seomra lena n-áirítear Clubanna Bricfeasta.
- Sonraigh ainm iomlán an Linbh (de réir thaifid *EY HIVE*) - Ná bain úsáid as leasainmneacha.
- Coinnigh ainmneacha leanaí i seicheamh comhsheasmhach i rith an timthrialla (éascaíonn sé rianú tinrimh). Má thosaíonn leanbh nua ag freastal ar an tSeirbhís ELC, cuir ainm an linbh sin ag bun an liosta.
- Úsáid peann gránbhiorach seachas peann luaidhe.
- Cinntigh go bhfuil taifid tinrimh/ leabhair rolla inrochtana ó thús an timthrialla (lena n-áirítear sa chás go bhfuil tréimhse chláraithe an linbh imithe in éag).
- Cinntigh go bhfuil taifid tinrimh / rollaí á gcomhlánú ag ball foirne atá ag obair sa seomra.
- Coinnigh Leabhar Síniúche agus Amach Tuismitheoirí ar leithligh agus coinneáil Taifid tinrimh / leabhair rolla ar leithligh (más gá).
- Ná húsáid bileoga/dialanna laethúla aonair.
- Cuir dáta taobh le gach seachtain tinrimh.

Gach Lá

- Iontráil am teachta agus fágála gach linbh laistigh den tSeirbhís ELC, lena n-áirítear clubanna Iarscoile. (Sa chás go bhfuil seirbhís ag bailiú leanaí ó scoil le haghaidh seirbhís Iarscoile, taifead an tinreamh ón am atá an tSeirbhís ELC freagrach as na leanaí.) Ná húsáid ticeanna. Taifead tinreamh i bhfíor-am, de réir mar a thagann agus/nó mar a imíonn leanaí.
- Cinntigh go dtaifeadtar tinreamh Foirne gach lá i dtaifid/leabhar rolla seomra/seisiúin.

Neamhláithreachtaí/ Fágálaithe/

- Cinntigh go bhfuil neamhthínreamh á thaifeadadh ar bhealach comhsheasmhach agat e.g. úsáid X chun neamhláithreacht a léiriú i gcónaí.
- Má fhágann leanbh an tSeirbhís ELC, fág ainm an linbh ar an leabhar rolla agus cur líne tríd na laethanta fágtha de thimthriall an chlár ionas gur léir gur fágálaí é an leanbh.
- Má aistríonn leanbh ó sheisiún/ó sheomra laistigh den tSeirbhís ELC i rith an timthrialla – iontráil nóta chun é seo a léiriú sna taifid tinrimh/leabhair rolla.
- Má roinneann leanbh a s(h)eachtain/lá, ar bonn leanúnach, idir seisiúin/seomraí difriúla – iontráil nóta chun é seo a léiriú ar thaifid tinrimh/ leabhair rolla.

- Ba cheart Leanbh a thaifeadadh i dtaifead tinrimh le haghaidh gach seomra a fhreastalaíonn sé/sí air má bhíonn sé/sí ag aistriú idir seomraí i rith an lae/na seachtaine.
- Ná húsáid Tippex ar an mbileog tinrimh/leabhar rolla.
- Cinntigh go bhfuil an fhaisnéis fós le feiceáil fiú mura bhfuil leanbh ag freastal ar an tseirbhís níos mó.

Bileoga

Má tá bileoga seachtainiúla in úsáid, coinnigh in ord de réir dáta

Taifid Leictreonacha

- Cinntigh go bhfuil na taifid comhsheasmhach agus go bhfuil tinreamh an linbh don timthriall iomlán á thaispeáint.
- Sa chás go bhfuil taifid leictreonacha á gcoimeád, **ní mór** don Soláthraí Faofa tuarascálacha seachtainiúla/míosúla a sholáthar le haghaidh leanaí aonair a léiríonn a leibhéal tinrimh don timthriall sin go dáta. Moltar go gcuirfí na tuarascálacha seo i dtoll a chéile go rialta agus cuirtear ar fáil iad chun críche comhlíontachta.
- Cinntigh go bhfuil an pasfhocal ar fáil agus go bhfuil ball foirne in ann an fhaisnéis a aimsiú ón gcóras.

Cartlannú

Ní mór taifid tinrimh/ leabhair rolla a choimeád de réir mar atá sonraithe i Rialacha DCEDIY don Chlár ECCE i.e. tréimhse íosta 6 bliana ó dháta éagtha Chomhaontú Maoinithe 2022/23 ECCE.

